Litríocht
na Gaeilge A Chothú

the arts council an chomhairle ealaíon

Plean Forfheidhmithe
2023 ar aghaidh

Íomha: **Na siblíní, Edith, 8, Theo, 6, Ned 4, agus Jasper Wilson, 3, ag seoladh na Féile Scéalaíochta do Pháistí Towers and Tales ag Caisleán an Lios Mhóir**
Grianghrafadóir: **Brownes Photography**

Tríd an bplean forfheidhmithe seo a leanas, forbróidh an Chomhairle Ealaíon an timpeallacht le haghaidh litríocht Ghaeilge ionas go mbeidh sí mar chuid lárnach dár saol liteartha agus cultúrtha seachas í a bheith imeallach. Dearadh na gníomhartha a leagtar amach thíos chun a chur ar chumas scríbhneoirí litríochta Gaeilge tairbhe a bhaint as ardleibhéal tacaíochta agus aire atá mar thréith ag tírdhreach liteartha comhaimseartha na hÉireann. Bainfidh litríocht na Gaeilge tairbhe as an mbeocht agus an ilchineálacht atá mar chuid den bhonneagar liteartha ina iomláine agus cruthóidh, léifidh agus bainfidh níos mó daoine ar fud na hÉireann taitneamh aisti.

Chun é seo a bhaint amach, beidh Ceann Foirne breise de dhíth ar an gComhairle a bheidh freagrach as Litríocht na Gaeilge agus a mbeidh tacaíocht riaracháin agus bainistithe tionscadail ann dó. Teastóidh maoiniú breise chun na gníomhartha a chur chun cinn, agus beidh gá comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chaomhnú.

1

1. An t-ealaíontóir

	Gníomh Beartais	Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFnna	Torthaí inmhianaithe	Amlíne
1.1	Tacú le scríbhneoirí Gaeilge i gcruthú saothar liteartha ar ardchaighdeán.	Clinicí faisnéise sonracha a reáchtáil ar bhonn rialta chun feasacht ar sparánachtaí agus ar thacaíochtaí eile ar nós na Dámhachtana Lúfaireachta, Dámhachtain na Chéad Ghlúine Eile agus Dámhachtain Markievicz a mhéadú i measc scríbhneoirí Gaeilge. Cruinnithe faisnéise agus clinicí maoinithe rialta a reáchtáil le heagraíochtaí acmhainní, le heagraíochtaí Gaeilge, agus le daoine eile atá tábhachtach sa réimse seo.	Líon na scríbhneoirí Gaeilge a chuireann isteach ar, agus a fhaigheann tacaíocht ó, dhámhachtainí na Comhairle Ealaíon a mhéadú.	2023 ar aghaidh
1.2	Tacú le scríbhneoirí Gaeilge ag gach céim dá ngairmeacha.	Poist scríbhneoirí cónaithe a fhorbairt go sonrach le haghaidh scríbhneoirí Gaeilge laistigh d'institiúidí tríú leibhéal i gcomhair scríbhneoirí atá i lár a ngairmeacha. Dul i gcomhpháirtíocht le Foras na Gaeilge chun a chlár meantóireachta a neartú tuilleadh, agus tacaíocht na Comhairle Ealaíon ag díriú ar scríbhneoirí agus ar an scríbhneoireacht liteartha. Malartú/cónaitheacht idirnáisiúnta le scríbhneoirí atá ag saothrú i mionteangacha a thabhairt isteach. Tacú le bunú MA sa scríbhneoireacht chruthaitheach i nGaeilge ag an tríú leibhéal. Tacaíochtaí atá ar fáil ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart na hÉireann le haghaidh scríbhneoirí Gaeilge a aithint, agus bunú cónaitheacht/ dámhachtain trasteorann a fhiosrú.	Bíonn rochtain ag scríbhneoirí Gaeilge ar raon tacaíochtaí níos leithne, chun oiriúint do riachtanais ar leith a ngairmeacha. Níos mó deiseanna le haghaidh scríbhneoirí litríochta Gaeilge chun a gcleachtas a fhorbairt.	R1 – R4 2023

1

1. An t-ealaíontóir

	Gníomh Beartais	Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFnna	Torthaí inmhianaithe	Amlíne
1.3	Suíomh oibre tacúil a fhorbairt le haghaidh scríbhneoirí Gaeilge.	Sraith grúpaí fócais a reáchtáil, i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí acmhainní litríochta a dtugtar Maoiniú Straitéiseach dóibh, chun bearnaí sna seirbhísí atá ar fáil do scríbhneoirí Gaeilge a aithint. Plean a fhorbairt chun dul i ngleic leis na bearnaí. Sraith grúpaí fócais a reáchtáil, i gcomhpháirtíocht le cumann eagraíochtaí acmhainní oifigí ealaíon na n-údarás áitiúil, chun bearnaí sna seirbhísí atá ar fáil do scríbhneoirí Gaeilge a aithint. Plean a fhorbairt chun dul i ngleic leis na bearnaí. I gcomhpháirt le hEalain na Gaeltachta, bunú acmhainne i bhfoirm féile/comhdháil bhliantúil le haghaidh scríbhneoirí a bheadh lonnaithe in ionad ealaíon a spreagadh. Bhogfadh an t-imeacht ó Ghaeltacht go Gaeltacht ar bhonn bliantúil agus bheadh féidearthacht ann foirmeacha ealaíne eile a chur san áireamh/cuireadh a thabhairt dóibh.	Bíonn tacaíocht níos fearr ag scríbhneoirí Gaeilge agus bíonn siad mar chuid níos lárnaí de phobal na scríbhneoireachta. Forbraíonn eagraíochtaí acmhainní & údaráis áitiúla cláir níos láidre chun tacú le scríbhneoirí Gaeilge.	R3 2023 2024
1.4	An timpeallacht chriticiúil le haghaidh litríocht na Gaeilge a chaomhnú agus a fheabhsú.	Leanúint ag tacú le hardáin ardchaighdeáin (clóite agus ar líne) le haghaidh critic liteartha i nGaeilge. Ciste Léirmheastóireachta a chruthú i gcomhpháirtíocht le daoine eile chun cabhrú le coimisiúnú léirmheasanna agus alt ar shaothair Ghaeilge.	Méadú ar rannpháirtíocht chriticiúil i Litríocht na Gaeilge.	Ar siúl faoi láthair R1 2024

1. An t-ealaíontóir

	Gníomh Beartais	Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFnna	Torthaí inmhianaithe	Amlíne
1.5	Béim a leagan ar éachtaí scríbhneoirí litríochta Gaeilge.	Aitheantas gníomhach a thabhairt do shaothair scríbhneoirí litríochta na Gaeilge agus don ionchur uathúil a bhíonn acu dár saol liteartha agus cultúrtha, agus béim a leagan orthu. Bheadh rannpháirtíocht níos gníomhaí le scríbhneoireacht Ghaeilge san áireamh anseo le tionscnaimh na Comhairle Ealaíon, rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta, cumarsáid agus i bplé leis an rialtas.	Méadú ar fheasacht agus aitheantas le haghaidh saothar scríbhneoirí Gaeilge.	2023 ar aghaidh

2

2. Rannpháirtíocht an phobail

	Gníomh Beartais	Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFnna	Torthaí inmhianaithe	Amlíne
2.1	Ról agus sainchúram na Comhairle Ealaíon i Litríocht na Gaeilge a shainmhíniú, a chur i bhfocail agus a chur in iúl ionas go bhfuil sé soiléir agus sonrach.	Meabhrán tuisceana a fhorbairt le Foras na Gaeilge i dtaca lenár róil i Litríocht na Gaeilge. Meabhrán tuisceana a fhorbairt le hEalaín na Gaeltachta i dtaca lenár róil i Litríocht na Gaeilge. Tacú le gníomhaíochtaí ábhartha laistigh de roinn 'Léamh, Scríobh agus Labhairt' na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge, trí thionscnaimh neamhspleácha nó i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile. Seisiúin faisnéise agus clinicí faisnéise a reáchtáil le heagraíochtaí ábhartha chun tuilleadh soiléirithe a dhéanamh ar an ról ar leith atá ag an gComhairle. Staitisticí a fhoilsiú ar infheistíocht na Comhairle i litríocht Ghaeilge ar bhonn bliantúil.	Tuiscint atá ag an earnáil agus ag an bpobal níos leithne ar shainchúram agus ar bhaint na Comhairle Ealaíon i litríocht na Gaeilge a mhéadú. Iarratais níos láidre agus níos dírithe ó eagraíochtaí litríochta. Aschuir shoiléire a léiríonn ról uathúil na Comhairle i litríocht na Gaeilge.	2023 2023 Ar siúl faoi láthair Ar siúl faoi láthair Ó R4 2023

2. Rannpháirtíocht an phobail

	Gníomh Beartais	Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFnna	Torthaí inmhianaithe	Amlíne
2.2	Feiceálacht scríbhneoireacht Ghaeilge i measc léitheoirí/ luchtanna léitheoireachta/ éisteachta a mhéadú.	Caighdeáin a shocrú i dtaca le hionchuimsiú scríbhneoireacht agus scríbhneoirí na Gaeilge mar chuid de na comhaontaithe maoinithe le heagraíochtaí a dtugtar Maoiniú Straitéiseach dóibh. Clár coimeádaí cónaitheach le Gaeilge a fhorbairt le haghaidh féilte liteartha agus ionaid chun cláreagrú samhlaíoch imeachtaí Gaeilge laistigh d'fhéilte agus d'ionaid ealaíon a spreagadh. Acmhainn a fhorbairt/choimisiúnú le haghaidh coimeádaithe, stiúrthóirí féilte agus bainisteoirí ionad ealaíon chun saineolas liteartha i nGaeilge a mhéadú. Chun tógáil ar rath ilDÁNA, clár maoinithe a bhunú chun tacú le cláir theilifíse, raidió agus podchraoltaí a leagann béim ar scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge.	Scríbhneoirí agus scríbhneoireacht Ghaeilge a ionchuimsiú tuilleadh in imeachtaí agus i gcló. Blaiseadh níos mó de scríbhneoireacht Ghaeilge a thabhairt do luchtanna féachana/éisteachta.	Ó R3 2023
2.3	Rannpháirtíocht níos fearr le litríocht Ghaeilge ar ardchaighdeán a chur chun cinn.	Tabhairt faoi thaighde a fhiosraíonn dearcthaí agus suimeanna léitheoirí i réimse na litríochta Gaeilge, agus sprioc ann na torthaí a scaipeadh chuig páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear foilsitheoirí, díoltóirí leabhar agus leabharlanna. I gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ábhartha, feachtas a phíolótú le haghaidh foilsitheoirí litríochta Gaeilge i leabharlanna agus i siopaí leabhar a mbeadh sprioc aige aghaidh a thabhairt ar a bhfeiceálacht i leabharlanna agus i siopaí; ba cheart go gcuimseodh sé seo ionadaithe díolacháin tiomanta agus clúdach na meán.	Tuiscint ar iompraíocht léitheoirí i dtaca le litríocht Ghaeilge a mhéadú. Méadú ar rannpháirtíocht an phobail i litríocht na Gaeilge.	R1 – R3 2024

2. Rannpháirtíocht an phobail

	Gníomh Beartais	Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFnna	Torthaí inmhianaithe	Amlíne
2.4	An chéad ghlúin eile d'fhoilsitheoirí Gaeilge a spreagadh.	I gcomhpháirtíocht le Foras na Gaeilge agus/nó le institiúidí tríú leibhéal ábhartha, clár tacaíochta a fhorbairt dóibh siúd ar mian leo tabhairt faoi ghairm mar eagarthóirí agus foilsitheoirí liteartha Gaeilge.	Bíonn raon leathan teideal ag léitheoirí litríocht na Gaeilge, ó raon inphriontaí agus peirspictíochtaí éagsúla, le rogha a dhéanamh eatarthu.	R1 – R4 2024
2.5	Barr feabhas laistigh d'fhoilsitheoireacht liteartha na Gaeilge a chaomhnú.	I gcomhpháirtíocht le Foras na Gaeilge, clár forbartha inniúlachta a fhorbairt le haghaidh foilsitheoirí Gaeilge a thabharfadh aghaidh ar réimsí amhail soláthar foirne, comharbas, rialachas, dearadh, margaíocht, poiblíocht, díolacháin agus dáileadh. D'fhéadfaí é seo a reáchtáil thar thréimhse trí bliana, ag díriú ar réimsí amhail eagarthóireacht agus aistriúchán i mbliain a haon, díolacháin, cur chun cinn agus margaíocht i mbliain a dó etc.	Bíonn rochtain ag léitheoirí Gaeilge ar litríocht ar ardchaighdeán.	R1 – R3 2024
2.6	Feiceálacht scríbhneoireacht Ghaeilge i measc léitheoirí/ luchtanna léitheoireachta/ éisteachta a mhéadú.	Caighdeáin a shocrú i dtaca le hionchuimsiú scríbhneoireacht agus scríbhneoirí na Gaeilge mar chuid de na comhaontaithe maoinithe le heagraíochtaí a dtugtar Maoiniú Straitéiseach dóibh. Clár coimeádaí cónaitheach le Gaeilge a fhorbairt le haghaidh féilte liteartha agus ionaid chun cláreagrú samhlaíoch imeachtaí Gaeilge laistigh d'fhéilte agus d'ionaid ealaíon a spreagadh. Acmhainn a fhorbairt/choimisiúnú le haghaidh coimeádaithe, stiúrthóirí féilte agus bainisteoirí ionad ealaíon chun saineolas liteartha i nGaeilge a mhéadú.	Scríbhneoirí agus scríbhneoireacht Ghaeilge a ionchuimsiú tuilleadh in imeachtaí agus i gcló. Blaiseadh níos mó de scríbhneoireacht Ghaeilge a thabhairt do luchtanna féachana/éisteachta.	Ó R3 2024

3

3. Réimsí eile as saothar ealaíne iontach a tháirgeadh a bhfuil leas straitéiseach maidir

	Gníomh Beartais	Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFnna	Torthaí inmhianaithe	Amlíne
3.1	DAOINE ÓGA, LEANAÍ AGUS OIDEACHAS: Cur le soláthar litríocht ardchaighdeán i nGaeilge le haghaidh déagóirí.	Tacú le foilsitheoirí a dteastaíonn uathu saothar liteartha ar ardchaighdeán in Gaeilge do leanaí a fhoilsiú, le béim ar leith ar leanaí níos sine agus ar dhéagóirí.	Bíonn rochtain níos fearr ag daoine óga ar ábhar liteartha ar ardchaighdeán i nGaeilge. Éascaítear léitheoireacht Ghaeilge ar bhonn pléisiúir do dhaoine óga.	2023 ar aghaidh
3.2	DAOINE ÓGA, LEANAÍ AGUS OIDEACHAS: Rannpháirtíocht daoine óga le litríocht na Gaeilge a fheabhsú.	Tacú le príomheagraíochtaí acmhainní san obair a dhéanann siad chun tacú le tuismitheoirí, múinteoirí agus leabharlannaithe agus iad ag treorú leanaí i dtreo teidil ar ardchaighdeán i nGaeilge. I gcomhpháirtíocht le Foras na Gaeilge, moltaí atá ábhartha don Chomhairle Ealaíon, ó athbhreithniú ar lucht léitheoireachta, a chur i bhfeidhm. Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go mbíonn imeachtaí/gníomhaíochtaí Gaeilge mar chuid de Laureate na nÓg.	Bíonn níos mó daoine óga ag léamh i nGaeilge ar bhonn pléisiúir. Bíonn níos mó eispéireas ag daoine óga le himeachtaí liteartha Gaeilge ar ardchaighdeán.	Ar siúl faoi láthair Le dearbhú le Foras na Gaeilge Ar siúl faoi láthair

The Arts Council
70 Merrion Square
Dublin 2, Ireland

artscouncil.ie
facebook.com/artscouncilireland
twitter.com/artscouncil_ie

T +353 1 618 0200
F +353 1 676 1302
Callsave 1850 392492